Docair cur lé déanamh na daonnachta
[Sir Con O’Neill’s Manuscript; National Library Microfilm NLI Positive 6671, fol. Kr]
Diarmuid Mac in [Baird]
[Droighneach, Dán Díreach]

1 Docair cur lé déanamh na dáondachta
gá haoinfher saoghalto do thoil a tábhachta
dar chóir buing lé sgaoiledh a sgíamhmholta
cúing as ríaghalta do gach áo[i]n[fhior] dá árrachta.
2 Dúain fá réir a gníomh aga gérfhaire
más fíor do gach sgéaluighe as dréim lé dáoroire
ag so na fúighle lé bfhogh(th)ar gach fáidhfhile
is dá duilghe d’áiridhe ómhan gach aonduine.
3 Ní bég in céim freasdail a furnaídhe
bein dá hurbhuidhe is deasgaidh doirbhdhighe
as cuing í nach éidir dá hionmhuine
buing dá hionghuire gan ní éigin [d’]oirbhire.
4 Ní mór gan teacht as-tegh dá tarbha-so
bhan ghort mBanbha-so fedh na foghla-sa
gníomh foirfe ’ga ttárla troimgheasa
dámhna doilgheasa choídhche a comhdha-sa.
5 Tárla áon dá cur as a cróilighibh
búdh fóiridhin tsháor do mhagh mionOilid[h]
maith an t-am(-sa) don trían-sa thúaighemhain
do shlúaighfhedhain Gáll ’na íarsma fhíoroinidh.
6 Tomás Óg in g(h)aothmhac geanamhuil
bhá fhód Feradhuigh ní m(h)aothshlat mhionfhiod[aigh]
éarla cláonnocht dar dhíall d(e)aghUla[i]dh
in dáondacht ar aradhaín ’gan fhíal iniomuil.
7 Ní mór do chách úadha ag anamhuin [Kv]
fáth rámholaidh arin ccuanna ccenamhuil
tárla ’na ráon ar cenn gach comhadhuigh
in chráobh fhóghamhair óna gérr gemhadhuigh.
8 Croidhe férrdha don fhéile is énaltra
menma shéaghanta ar ccéile cáomhanta
cuirther lé tréighibh in fhéil aoibhealta
sgéimh náoidhionta ar dhéinimh na daonnachta.
9 Ní gníomh falaigh don chraoibh is comharlighe$^{r}$
do tháo[i]bh coirmfhéile nir tabhuigh tromnáire
fada ar cuimhne an sáorfer sean(g)Ghúaire
Gaoidheal dar deghbhúaine dailge [leg. duilghe?] na doirbhdháimhe.
10 Béaraidh an t-ainm-sin gan chíaigh aga cháoimhfhine
a ndíaigh in dlaoibhile nar fhoillsigh áonoire
bíaigh iomrádh lé ríar gach ródhuine
fá iath ccnobhuidhe fhionnbhán Laoghuire.
11 Is cuid dá mhíanuibh mar obair d’áiridhe
ráidhbhile tobair ’gar chían ar ccéilidhe
a thoil féin d’fhoghbhail do gach áonduine
do chéim in tsháorruire connmháil ar ccléiri-ne.
12 A labhram sunna budh sgéal sgíobhionta

dér dhilionta urra gach áondroca [leg. -docra]
budh léir 'na cheimibh sáora súaighenta
núaberta cáola re déineimh daonnachta.
13 Búdh híomdha thrá ag tríall dá thárr[th]achtain [Lr]
clíar le gnáthmholtuibh gach lá da lúdhrochtain [leg. lúth-?]
annamh tegh mar thigh an tsháoirchlearcaigh
treabh ghnaoichleachtaigh is dil ré dludhbhochtuibh. [leg. dlúth-?]
14 Budh híomdha 'mun treibh ngil is gníomhaighe
fir 'na ríoghluidhe ó fhleidh da léiribhe
budh hiomdha cu[i]r (?) san dún is dáoinidhe
is sáorfhile ag súr a chruidh ar céilidhe.
15 Lucht an chóigidh ní dál díomdhaighe
lan d'ionmhuine an óigfhir is ainmnighe
lámh gan deaca(i)r acht d'fhior oirbhire
coillbhile d'fhiodh Breatan is baillghile.
16 Cuingidh ag c(h)ur ghlíadh is grodhdhocrach
cíabh bhogfholtach ar a chradh nach caigealtach
croidhe fíal 'ga ttárla tro(i)duchtach
bogUlltach chíall n-ámhra n-aigentach.
17 Airseóir glíadh ag foghuil na bfhíorurra
adhaigh mhionullamh um riar nar rádhonnadh
lámh ón ferr sáoirse na súadhollamh
is 'na chenn fúaramar san taoibh-se a ttárramar.
18 Ar luibh chobhra ar slighe snasbhunaidh
ar ccroidhe mars(h)amhail (?) ar chomhdha ar chnesgonuibh
ar bhfhód sealbha don tsháorchloinn Shagsanuigh
ar áonchuing le gasradhuibh Teamhra treasghonaigh.
19 Ó nach bhfuil du(i)nn fá dhóghra ar ndánachta [Lv]
acht an túr árrachta ag comhdha a cháomhmholta
oíghre [leg. eighir] Dé dá dhíon ar dhláoidheacra
in ghríobh áoibhealta dé deirigh na dáonnachta. Docair...
20 D'inghin Áodha ní raibhhthe ríoghnáire
taoma gníomhmbáighe san ghairthe ghnénúaidhe
Mairghreag mar sin gan séana na sao[i]rfhéile
pailmghéag is gnáoidhréidhe gan éara fhir énúaire.
21 Leanaigh [leg. Leanaidh] in inghion fhíal in ealbha-sa
in fhían Eamhna-sa gan ionnramh ionnmhusa
coin fhíadhaidh na críche Connla-sa
tonnfhrasa tríthe d'fhíalfhuil fhionnRosa. Docair...